# An Déardaoin
# Oifig na Marbh



*(Solas an tráthnóna ag scalladh ar an reilig lasmuigh d'Ardeaglais na Leasa Móire)*

Crom chugam le Cúnamh a Dhia.
Brostaigh a Thiarna agus cabhraigh liom.

Nascaim mé féin inniu:
Le neart tréan, impí na Tríonóide,
Creideamh i dTriaracht agus admháil Aontacht
An IlChruthaitheora.

Glóir don Athair ...

## Caintic an Bhráthar Grian (ar lean)

Moladh leat, a Thiarna liom, ón mBráthair Gaoth,
Ón aer, ó néalta is ó shoineann is ó gach síon,
Ós tríothu a chothaíonn tú do chréatúir.

Moladh leat, a Thiarna liom, ón tSiúr Uisce

Atá fóinteach, umhal, glan, luachmhar.

Moladh leat, a Thiarna liom, ón mBráthair Tine,
Ós trína bhíthin a shoilsíonn tú an oíche,
Agus é chomh hálainn, chomh spleodrach, chomh bríomhar is groí.

Moladh leat, a Thiarna liom, ónár Siúr Máthairthalamh,
A bhíonn dár gcothú agus dár riar,

Is a ghineann torthaí den uile ghné
Le cois na mbláthanna dath-áille.

Moladh leat, a Thiarna liom, ón dream a mhaitheann cionta
ar a ngrá duit,
Is a fhulaingíonn an easláinte agus céasadh.

Is méanar dóibh siúd a chuireann suas leo go suaimhneach
Mar cuirfidh tú orthu, a Ró-Aird, coróin shíorraí.



Moladh leat, a Thiarna, ónár Siúr Bás na colainne,
Nach dtig le haon duine beo éalú óna láimh.

Is mairg a éagas i bpeaca atá trom;
Ach aoibhinn dóibh siúd a leanfaidh go críoch do naomhthoil,
Óir ní dochar dóibh an dara bás.

Molaigí agus móraigí an Tiarna agus gabhaigí bhur mbuíochas,
Is déanaigí fónamh dó le móruirílse.

**Ainteafan 1**
A Rí ghil na mbocht, tabhair saor mé

## Salm 6

Urnaí in Am na Buartha, Salm le Dáiví

A Thiarna, ná lochtaigh mé i d’fhearg
agus ná cuir pionós orm is tú ar buile chugam.
Déan trócaire orm, a Thiarna, óir is lagbhríoch mé; slánaigh mé,
óir tá mo chorp á chiapadh,
agus tá m’anam á chéasadh go géar,

ach tusa, a Thiarna, cá fhad …?
Fill, a Thiarna, fuascail m’anam
agus saor mé as ucht do bhuanghrá.
Óir níl cuimhne ag aon neach ort i measc na marbh;
cé a thabharfaidh moladh duit san uaigh?

Tá tuirse orm de dheasca m’osnaíola,
ním mo leaba le mo dheora gach oíche;
fliuchaim mo tholg le huisce mo chinn.
Tá mo shúil á snoí le dobrón:
chuaigh sí in aois de dheasca mo naimhde go léir.

Imígí uaim a lucht déanta na hurchóide,
óir tá éiste ag an Tiarna le glór mo ghoil.
Thug an Tiarna aird ar m’achainí;
tá glactha ag an Tiarna le mo ghuí.
Beidh náire is mórbhuaireamh ar mo naimhde uile.
Cuirfear ar gcúl go tobann faoi náire iad.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 1**

A Rí ghil na mbocht, tabhair saor mé



Nigh mé agus is gile mé ná an sneachta.
Sailm 51 le Dáiví

**Ainteafan 2**
Moladh leat, a Thiarna liom, ónár Siúr Bás na colainne
Nach dtig le haon duine beo éalú óna láimh.

## Salm 130 (129)

*Amhrán Oilithreach.*
As na duibheagáin a ghlaoim ort, a Thiarna;
éist, a Thiarna, le mo ghuí.
Go n-éiste do chluasa go haireach
le mo ghlór ag impí ort.

Má fhéachann tú ár gcionta, a Thiarna,
a Thiarna, cé rachaidh slán?
Ach is leat na peacaí a mhaitheamh;
ionas go riarfaí go humhal duit.

Tá muinín ag m’anam as an Tiarna;
ar a bhriathar atá mo sheasamh.
Is foighní m’anam ag feitheamh leis an Tiarna,
ná lucht faire leis an maidin.

Bíonn lucht faire ag faire leis an maidin,
agus Iosrael leis an Tiarna,
de bhrí gur ag an Tiarna atá an trócaire,
agus an fhuascailt fhairsing.

Agus is é a dhéanfaidh Iosrael a fhuascailt
óna gcionta go léir.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 2**
Moladh leat, a Thiarna liom, ónár Siúr Bás na colainne
Nach dtig le haon duine beo éalú óna lámh.



*Aiséirí na Marbh. Mir bheag i gceann d'fhuinneoga an Sainte Chapelle.*

**Ainteafan 3**
Féach orm agus freagair mé a Thiarna, a Dhia liom.

## Salm 13 (12)

*Impí chun Dé le linn Trioblóide. Salm Dháiví.*

Cá fhad, a Thiarna, a fhágfaidh tú i ndíchuimhne mé?
Cá fhad a choinneoidh tú d'aghaidh i bhfolach orm?
Cá fhad a mhairfidh m'anam á bhuaireamh
agus cathú i mo chroí i gcaitheamh an lae?
Cá fhad a choimeádfaidh mo namhaid faoina réir mé?


Féach orm agus freagair mé a Thiarna, a Dhia liom.
Soilsigh mo shúile sula dtitfidh codladh an bháis orm,

sula ndéarfaidh mo namhaid go bhfuair sé an bua orm,
sula ndéanfaidh m'eascairde lúcháir toisc gur thit mé.

Chuir mise mo dhóchas i do bhuanghrá daingean,
beidh áthas ar mo chroí de bharr do shlánaithe,
agus molfaidh mé an Tiarna, mar go raibh sé fial liom.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 3**
Féach orm agus freagair mé a Thiarna, a Dhia liom.



*An Seanséipéal i gCill Chais. Ní bhíodh aon chloch ghreanta ar uaigheanna na mbocht in Éirinn fadó ach iad ag súil le trócaire Dé agus grásta an aiséirí.*

## Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Filipigh 3. 20

Ar neamh atá ár mbaile dúchais againne, áfach, agus is ó neamh atáimid ag súil lenar bhfuasclóir a theacht, an Tiarna Íosa Críost. Déanfaidh seisean an corp uiríseal seo againn a athmhúnlú ar aon dul lena chorp glórmhar féin.

Freagra: A Thiarna, cuimhnigh ormsa nuair a thiocfaidh tú faoi réim do ríochta
*(abair an freagra arís)*
Véarsa: Beidh tú in éineacht liom inniu i bparthas
*(Abair an freagra arís)*
Glóir don Athair ...
*(abair an freagra arís)*




*Poimp na n-uasal. Tuama an Spáinnigh, Carlos Carafa, in Ardeaglais Valetta i Málta. Tá urlár na hArdeaglaise clúdaithe le tuamaí marmair mar é.*

**Ainteafan an Magnificat**
A Dhia ’s a Chríost a d’fhulaing an íobairt
Is a cheannaigh go fírinneach an bocht’s an nocht,
Go Parthas naofa go dtugair féin leat,
gach créatúr díobh dar thit faoin lot. – Antaine Ó Raiftearaí

## An Magnificat
Móránn m’anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.

Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm,
agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d’ardaigh sé daoine ísle;

Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D’fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,

ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –
de réir mar gheall sé dar n-aithreacha –
d'Abrahám agus dá shliocht go brách.

Glóir don Athair ...



*Dealbh ag cúinne sráide in Mdina i Málta*

**Ainteafan an Magnificat**
A Dhia 's a Chríost a d'fhulaing an íobairt
Is a cheannaigh go fírinneach an bocht 's an nocht,
Go Parthas naofa go dtugair féin leat,
gach créatúr díobh dar thit faoin lot. – Antaine Ó Raifthearaí

# Paidreacha Impí

A Thiarna, Íosa, is tusa 'an t-aiséirí agus an bheatha': treoraigh do mhuintir trí gheataí an bháis go dtí ár dtír dhúchais sna flaithis.
*Freagra*: A Thiarna, is tú ár n-aiséirí agus ár mbeatha.
A Thiarna, Íosa, go raibh ár ngaolta agus ár gcairde i measc na ndaoine sin a bhfuil áit ullmhaithe agat dóibh i dteach d'Athair. *Freagra:*
A Thiarna, Íosa, triomaíodh na deora agus bhí lúcháir in áit an bhróin nuair a thug tú a haonmhac ar ais do bhaintreach Náín; tabhair sólás dóibh siúd go léir atá ag fulaingt dobhróin de bharr bás a ngaolta is a gcairde.
*Freagra:*
A Íosa, d'airigh tú síocháin agus suaimhneas nuair a bhí nóiméad do bháis ag druidim leat agus tú tagtha go deireadh do thurais ar an saol seo. Dúirt tú "A Athair, taobhaím

mo spiorad i leith do lámh," tabhair cuid den tsíocháin is den suaimhneas sin dóibh siúd go léir atá ag saothrú a mbáis.
*Freagra:*

Ár nAthair...



Moladh leat, a Thiarna liom, ónár Siúr Máthairthalamh,
A bhíonn dár gcothú agus dár riar,
Is a ghineann torthaí den uile ghné
Le cois na mbláthanna dath-áille.

## Paidir Chlabhsúir

A Thiarna Dia, is tú foinse na trócaire agus is mian leat go slánófar gach aon duine: déan trócaire ar ár ngaolta is ar ár gcairde agus ar na hanamacha go léir atá ag fulaingt pianta Purgadóra. Go gcabhraí an Mhaighdean Bheannaithe Mhuire agus na naoimh go léir leo trína n-idirghuí teacht go comhbhráithreachas na lúcháire síorraí. Cuirimid ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leat mar aon leis an Spioraid Naomh, ina Dhia go brách na breithe. Áiméan.

Go mbeannaí an Tiarna muid, go gcoinní sé ó olc muid agus go dtuga sé chun na beatha síorraí muid. Áiméan.



An droichead Seapáineach i ngairdín Monet in Givirny